Nuachtlitir páistí Scoil Chualann

Breathnaigh ar na croíthe álainne ar an suíomh scoile a rinne gach páiste Scoil Chualann

Scannáin Nollag TG4

Beimid ag breathnú agus ag baint an-spraoi as na scannáin seo i rith an tréimhse Nollag.

19.12.20 Louis & Luca and the Snow Machine - 3:55pm

23.12.20 Curious George - 4:40pm

Oíche Nollag Happy Feet Two - 4:45pm

Oíche Nollag Shrek - 5:25pm

Lá Nollag Lego Ninjago - 11:30am

Lá Caille SpongeBob - 3:15pm

Paidreacha

Paidir roimh bhia

Beannacht ó Dhia orainne
atá ag suí chun boird le chéile.
Beannacht ar an mbia a ithimid inniu.
Beannacht ar na lámha a d'ullmhaigh dúinn é.
Beannacht ó Dhia dílis orainn féin.

Áiméan.

'Paidir tar éis bhia

Go raibh maith agat, a Dhia,
mar is tú a thug bia dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia,
mar is tú a thug cairde dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia.
Áiméan.

Gluais

i rith – during

réamhionad – foreground

breathnaigh – look

crann duillsilteach – deciduous tree

uiscedath – watercolour

trian – third

portráid - portrait

Cleachtaigh le bhur dtuismitheoirí iad thuas!

Rang a 5

Rinneamar an ealaín álainn seo. Pictiúr leis an ngrian ag dul faoi, sneachta ar an talamh agus crann duillsilteach sa réamhionad. Seo hiad, ach féach ar an súiomh scoile chun breathnú i gceart orthu.

Treoracha:

1. Bíodh scuab tánaí, uiscedath, uisce agus páipéar bán agat.
2. Roinn an leathanch i dtrí chuid (portráid) le peann luaidhe éadrom.
3. Cuir uisce ar an dtrian ar bharr.
4. Ag tosú le buí, péinteáil leathciorcal beag, téigh timpeall ar an ngrian le oráiste, dearg, corcra agus gorm san ord sin.
5. Roghniagh dhá dhath atá sa ghrian agus cuir línte sin ar an sneachta ar an dtrian sa lár agus ar bhun
6. Cuir líne dubh díreach faoin ngrian chun scáth a dhéanamh agus crainn beaga sa chúlra le dubh orthu freisin
7. Péinteáil claí beag agus crann dubh leis.

Dúshlán



Trasna

3. Arán agus cístí as an siopa seo
5. Léann tú é
7. Rud te a dhóann
10. Rud a fhaigheann tú don lá breithe/ don Nollaig
12. Áit ina bhfoghlaimíonn tú
15. Planda mór mílteach le duilleoga
16. Cnoc an-ard
17. Gainneamh agus uisce

Suas

1. Breathnaigh ar ainmhithe anseo
2. Srón mór fada ar an ainmhí mór seo
3. Leanbh
4. Seacht lá
6. Seinneann tú é, tá 6 sreanga air
8. Rud deas milis a itheann tú
9. Ainmhí a bhíonn ag eitilt ar chliatháin
11. Áit ina chónaíonn tú
13. Liathróid sa chiseán, cluiche
14. Tiomáineann do thuismitheoirí é seo